IONSTRAIMÍ REACHTÚLA

I.R. Uimh. 51 de 2008

_____

AN tORDÚ UM CHLÁRLANN NA NGNÍOMHAS (TÁILLÍ) 2008

(Prn. A8/0291)

I.R. Uimh. 51 de 2008 AN tORDÚ UM

CHLÁRLANN NA nGNÍOMHAS (TÁILLÍ) 2008

Déanaimse, BRIAN LENIHAN, An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, i bhfeidhm na cumhachta a tugadh dom faoi Alt 21 den Acht um Chlárú Gníomhas agus Teidil 2006 (Uimh. 12 de 2006), le comhthoiliú an Aire Airgeadais, an t-ordú seo a leanas:

1. (1) Féadfar an tOrdú seo a ghairm den Ordú um Chlárlann na nGníomhas (Táillí) 2008.

(2) Tiocfaidh an t-ordú seo i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2008.

2. Aisghairtear leis seo an tOrdú um Chlárlann na nGníomhas (Táillí), 1999 (I.R. Uimh. 346 de 1999)

3. (1) Tá feidhm ag an Acht Léiriúcháin, 1937 (Uimh. 38 de 1937), i leith an Ordaithe seo.

(2) San Ordú seo —

ciallaíonn “an tAcht” an tAcht um Chlárú Gníomhas agus Teidil 2006, agus tá an chiall chéanna ag focail nó abairtí arna léiriú san Acht is atá san Acht nuair a cheadaíonn an comhthéacs amhlaidh.

ciallaíonn “na Rialacha” na Rialacha um Chlárú Gníomhas 2008 agus tá an chiall chéanna ag focail nó abairtí arna léiriú sna Rialacha is atá sna Rialacha, nuair a cheadaíonn an comhthéacs amhlaidh.

ciallaíonn “iarratas” iarratas ar chlárúchán faoi na Rialacha.

ní fholaíonn “ainm” aon chlaonadh ón túsainm nó ón sloinne.

ciallaíonn “an tÚdarás” an tÚdarás Clárúcháin Maoine faoi Alt 9 den Acht.

ciallaíonn “sealbhóir cuntais” duine atá údaraithe ag an Údarás cuntas a choinneáil ar an R.A.M.I.S. (Registry’s Automated Management Information System) ionas gur féidir íoc as cuardaigh.

4. Measfar aon aighneacht ina dhiaidh sin le haghaidh comparáide idir gníomhas agus iarratas a tharlú i gcás go ndiúltaítear d’iarratas de réir Riail 6(2) de na Rialacha

5. Ní ghearrfar aon táille faoi Mhír 2(*b*) den Sceideal go dtí 4 Lúnasa 2008.

6. Beidh na táillí atá le gearradh agus le tógáil i gClárlann na nGníomhas in imeachtaí faoi Acht 2006 de réir Ordaithe seo agus de réir an Sceidil

Foilsíodh fógra maidir le déanamh na hIonstraime Reachtúla seo in “Iris Oifigiúil” an 4 *Márta*, 2008.

atá leis agus beidh na táillí uile sin iníoctha in airgead tirim, nó le dréacht baincéara, le hordú airgid, le hordú poist, le haistriú creidmheasa, le seic arna tharraingt don Údarás, ar dhóigheanna leictreonacha agus sealbhóirí cuntais a cheadóidh an tÚdarás, nó ar dhóigh eile a cheadóidh an tÚdarás, ar na gcoinníoll go bhféadfaidh an tÚdarás, in aon chás ar leith, le húdar cuí, diúltú glacadh le híocaíocht nó fáltas íocaíochtaí a chur ar fionraí, ar íocaíocht í atá le déanamh ar aon cheann de na dóigheanna thuasluaite.

7. Ní dhéanfar aon chlárúchán nó ní dhéanfar aon idirbheart eile nó ní chuirfear i gcrích é go dtí go n-íoctar an táille chuí de réir Airteagal 6 den Ordú seo.

8. Ní bheidh aon táille inmhuirir i ndáil le haon iarratas ar chlárúchán a dhéanann Aire Rialtais nó Coimisinéirí d'Oibreacha Poiblí in Éirínn, i gcás go bhfuil sé deimhnithe chun shástacht an Aire go mbeadh an táille, ach amháin i gcás na míre seo, iníoctha as airgead a chuirfeadh an tOireachtas ar fáil, agus as sin amháin.

9. Ní dhéanfaidh aon ní san Ordú seo údarú ar tháille a ghearradh d'aon chlárúchán nó d'aon idirbheart a bhfuil gá é a dhéanamh de bharr achtú reachtúil nó é a dhéanamh saor in aisce.

10. Gearrfaidh an tÚdarás táillí arna sonrú i gcolún uimhir 3 den Sceideal a ghabhann leis an Ordú seo i ndáil leis na míreanna atá sonraithe i gcolún uimhir 2 den Sceideal a ghabhann leis an Ordú seo.

SCEIDEAL

Colún 1	Colún 2	Colún 3
	Mír	**Táille**
1.	**Clárúchán Gníomhas**	
	I ndáil le gach gníomhas a chláraítear	\50.00
2.	**Comparáid**	
	(a) I ndáil leis an gcéad uair a chuirtear isteach gníomhas agus iarratas le haghaidh comparáide	Neamhní
	(b) I ndáil le gach uair ina dhiaidh sin a chuirtear isteach gníomhas agus iarratas le haghaidh comparáide	\20.00
3.	**Deimhniú Clárúcháin**	
	(a) I ndáil le gach deimhniú clárúcháin i ndiaidh an chéad chinn nó i ndiaidh deimhniúchán speisialta clárúcháin a chuirtear isteach leis an mbungníomhas	\20.00
	(b) I ndáil le gach deimhniú clárúcháin i ndiaidh an chéad chinn nó i ndiaidh deimhniúchán speisialta clárúcháin má chuirtear é isteach i ndiaidh chlárúchán an bhunghníomhais	\50.00
4.	**Cuardach Oifigiúil**	
	I ndáil le gach cuardach oifigiúil ar ainmneacha a dhéanann an oifig faoi fhoréileamh i ndáil le gach ainm, le haghaidh na dtailte nó na n-áitreabh sonraithe uile, le haghaidh gach tréimhse deich mbliana nó gach cuid den tréimhse sin	\20.00
5.	**Leanúint le Cuardach Oifigiúil**	
	Leanúint le cuardach oifigiúil, i ndáil le gach ainm, le haghaidh tailte nó áitreabh sonraithe, le haghaidh gach tréimhse deich mbliana nó cuid den tréimhse sin.	\20.00
6.	**Cuardach a dhéanann Baill den Phobal**	
	Cuardach a dhéanann baill den phobal i ndáil le gach ainm, le haghaidh gach tailte agus áitreabh sonraithe, le haghaidh gach tréimhse deich mbliana nó cuid den tréimhse sin	\2.00
7.	**Cóipeanna**	
	Le haghaidh gach cóipe deimhnithe de mheabhrachán nó d'iarratas Gnáthchóipe ar mhicreascannán de mheabhrachán nó d'iarratas	\20.00 \1.00 in aghaidh an leathanaigh
8.	**Sásamh Morgáiste a Iontráil**	
	(a) I ndáil gach deimhniúcháin sásaimh ar mhorgáiste breithiúnais a iontráil (b) I ndáil le sásamh morgáiste a iontráil ar taifead agus deimhniú ar dhóigh chomhchosúil a cheadú de bhun alt 84 den Acht Cumann Foirgníochta, 1976 (Uimh. 38 de 1976), nó alt 18 den Acht Tithíochta, 1988 (Uimh. 28 de 1988)	\20.00 \20.00
9.	**Iniúchadh ar Bhunmheabhrachán/Iarratas ar Mhionnscríbhinn**	
	Le haghaidh gach bunmheabhracháin/iarratais ar mhionnscríbhinn a chuirtear ar fáil le go ndéanfaí iniúchadh air sa Chlárlann	\10.00
10.	**Le go mbeadh Oifigeach i Láthair chun Meabhrachán nó Doiciméad eile a Sholáthar sa Chúirt**	
	Le go mbeadh oifigeach i láthair chun meabhrachán nó doiciméad eile a sholáthar sa Chúirt	\100.00 *i ndáil le gach lá ar a bhfuil an t-oifigeach i láthair sa chúirt maille le costais chothabhála agus taistil arna dtabhú go hiarbhír*

	Mír	Táille
11.	**Cuardach Ginearálta**	
	Cuardach ginearálta, gan teorannú, gach lá, a dhéanann gach ball den Phobal i gcomparáid leis na treoracha go léir roimh 1970	Neamhní
12.	**Seirbhísí Eile** Aon seirbhís a sholáthar nach bhfuil táille fhorordaithe ag gabháil léi	\20.00

L.S.

TUGTHA faoi mo Shéala
Oifigiúil, 20 Feabhra 2008

BRIAN LENIHAN. An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.

L.S.

TUGTHA faoi Shéala Oifigiúil an Aire Airgeadais, 27 Feabhra 2008

BRIAN COWEN. An tAire Airgeadais.

NÓTA MÍNIÚCHÁIN

(Níl an nóta seo ina chuid den Ionstraim agus ní airbheartaíonn sé a bheith ina léiriú dlíthiúil)

Forálann an tOrdú seo, a thiocfaidh i bhfeidhm an 1 Bealtaine, 2008, do scála leasaithe táillí a ghearrfaidh Clárlann na nGníomhas. Tá an tOrdú seo ag teacht in ionad an Orduithe um Chlárlann na nGníomhas (Táillí), 1999.

BAILE ÁTHA CLIATH ARNA FHOILSIU AG OIFIG
AN tSOLÁTHAIR

Le ceannach díreach ón OIFIG DHÍOLTA FOILSEACHÁN RIALTAIS, TEACH SUN ALLIANCE, SRÁID THEACH LAIGHEAN, BAILE ÁTHA CLIATH 2, no´ tríd an bpost ó FOILSEACHÁIN RIALTAIS, AN RANNOÓG POST-TRÁ CHTA, AONAD 20 PÁ IRC MIONDÍOLA COIS LOCHA, CLÁR CHLAINNE MHUIRIS, CONTAE MHAIGH EO, (Teil: 01 - 6476834/37 nó 1890 213434; Facs: 01 -6476843 nó 094 -9378964) nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE To be purchased directly from the GOVERNMENT PUBLICATIONS SALE OFFICE SUN ALLIANCE HOUSE, MOLESWORTH STREET, DUBLIN 2, or by mail order from GOVERNMENT PUBLICATIONS, POSTAL TRADE SECTION, UNIT 20 LAKESIDE RETAIL PARK, CLAREMORRIS, CO. MAYO, (Tel: 01 - 6476834/37 or 1890 213434; Fax: 01 -6476843 or 094 -9378964) or through any bookseller.

\2.54

ISBN 978-1-4064-3609-9

9 781406 436099

Wt. (B25953). 305. 3/08. Cahill. Gr. 30-15.